

Síntiúis do TDanna, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa in 2020



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Guthán: (01) 6395666
R-phost: info@sipo.ie
Láithreán Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Nollaig 2021

Brollach

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, táim sásta an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle i gcomhréir le halt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Cuireadh na ráitis síntiús/dearbhuithe reachtúla a dtagraítear dóibh sa tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht. Cuireadh deimhnithe na síntiús airgeadaíochta/na ndearbhuithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais faoi bhráid de bhun alt 23B den Acht.



An Breitheamh Onórach Garrett Sheehan
Cathaoirleach
Nollaig 2021

Caibidil 1: Réamhrá

Tá ar gach duine ar ball de Dháil Éireann (TD), ball de Sheanad Éireann (Seanadóir) nó ball de Pharlaimint na hEorpa (FEP) é/í, i rith bliain féilire, ráiteas síntiús, deimhniú síntiús airgeadaíochta, dearbhú reachtúil agus, sa chás gur cuí, ráiteas bainc maidir leis an mbliain roimhe sin, a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) faoin 31 Eanáir an bhliain dar gcionn.

Is cion é mura seoltar na tuairisceáin riachtanacha ar aghaidh faoin spriocdháta reachtúil. Nuair a bhíonn duine ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 agus fíneáil leanúnach nach mó ná €500 sa lá do gach lá, i ndiaidh ciontú, nár seoladh na tuairisceáin reachtúla ar aghaidh go fóill.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla a sheol TDanna, Seanadóirí agus FPEanna ar aghaidh maidir leis an mbliain 2020.

Cuirtear sonraí ar fáil faoi shíntiús a nochtar agus a rinneadh sna hAguisíní leis an tuarascáil seo.

Caibidil 2: Eolas Ginearálta

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán treoirlínte do TDanna, Seanadóirí agus FPEanna (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile anseo istigh mar “baill”) maidir le síntiúis ina leagtar amach na riachtanais a bhaineann le ceistanna éagsúla cosúil le síntiúis a ghlacadh agus a nochtadh, síntiúis choiscthe agus cuntais síntiúis pholaitíochta. Tá na treoirlínte (a dtugtar achoimre orthu sa tábla seo a leanas) ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.sipo.ie

Tábla achomair síntiúis do TDanna, Seanadóirí agus FPEanna

Cuntas síntiúis	Caithfidh TD, Seanadóir nó FPE cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt i ndiaidh síntiúis breis agus €100 a fháil (murar osclaíodh ceann cheana féin).
Síntiúis airgid	Is é €200 an síntiúis uasta airgid thirim is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh ó dheontóir in aon bhliain féilire.
Deontóirí Corparáideacha	Is é €200 an síntiúis uasta is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh ó dheontóir corparáideach in aon bhliain féilire murach go bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha atá á choimeád ag an gCoimisiún. Caithfidh páirtí polaitíochta ar mian leo síntiúis a íoc ar chuspóirí polaitiúla a sháraíonn €200 i mbliain féilire clárú mar dheontóir corparáideach leis an gCoimisiún sular féidir leo síntiúis den sórt sin a íoc.
Deontóirí aonair	Caithfear gach síntiúis a fuair TD, Seanadóir nó FPE a sháraíonn €600 a nochtadh i Ráiteas na Síntiúis.
Tabhartas uasta	Is é €1,000 an síntiúis uasta is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh i mbliain ar leith ó dheontóir aonair nó ó dheontóir corparáideach.
Tabhartais iolracha	Nuair a dhéanann deontóir síntiúis le beirt fhaighteoirí nó níos mó (baill iolracha den pháirtí céanna nó le ball páirtí amháin nó níos mó agus leis an bpáirtí féin), ar mó ná €1,500 luach comhiomlán an tsíntiúis, tá air/uirthi foirm shíntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24 (1A).
Síntiúis choiscthe	<ul style="list-style-type: none">• Aon síntiúis a sháraíonn na teorainneacha a luaitear thuas• Ní féidir glacadh le síntiúis anaithnid a sháraíonn €100• Ní féidir glacadh le síntiúis eachtracha, ar luach ar bith, ó áiteanna lasmuigh d'oileán na hÉireann, seachas ó shaoránach Éireannach

Nóta: tá rialacha breise síntiúis i gceist i dtaobh páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe. Féach www.sipo.ie, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

Caibidil 3: Síntiúis a nochtadh

Tugtar achoimre in Aguisín 1 ar shíntiúis a nochtadh. Is féidir ráitis síntiúis aonair a fheiceáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Bhí ar 263 ball agus iarbhall ráitis síntiúis a sheoladh ar aghaidh maidir le 2020, na baill seo a leanas ina measc –

- 160 TD
- 60 Seanadóir
- 13 FPE
- 18 n-iar-TD
- 12 iar-Sheanadóir

Tuairisceáin a fuarthas

Bhí oibleagáid ar gach ball a ráitis síntiúis a sheoladh ar aghaidh faoin 31 Eanáir 2021. Nuair a aimsíonn an Coimisiún mionearráid nó easnamh i ráiteas síntiúis, cuirfidh sé sonraí faoin earráid nó faoin easnamh faoi bhráid an bhaill agus cuirfidh sé an ball ar an eolas go dtugtar 14 lá dó/di ó dháta an fhógra inar féidir an earráid a cheartú nó an t-easnamh a chur ina cheart.

Bhí na ceanglais comhlíonta go substainteach ag gach ball, ach bhí roinnt mioncheisteanna le réiteach go fóill. Tá na ceisteanna seo á bhfiosrú. Mar gheall go bhfuil gach ball comhlíontach go substainteach, níor cuireadh aon chomhaid faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Fuair fiche ball den Oireachtas síntiúis a sháraigh €200 óna bpáirtithe polaitíochta, nár chláraigh leis an gCoimisiún mar dheontóirí corparáideacha ag an am a rinne an páirtí na síntiúis. Ceanglaítear san Acht, nuair a fhaightear síntiúis a sháraíonn €200 ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe, caithfidh sé/sí an síntiúis a thabhairt ar ais nó an chuid os cionn €200 a thabhairt ar ais don deontóir, nó an síntiúis a íoc leis an gCoimisiún.

Scríobh an Coimisiún chuig gach duine de na baill ábhartha le hiad a chur ar an eolas ar a n-oibleagáidí agus ar na bearta riachtanacha le comhlíonadh a bhaint amach. Faoi thráth an scríofa, tá gach ball tar éis an tsuim os cionn €200 nó an síntiúis iomlán a tugadh dá bpáirtí a aisíoc nó tá sé sin á dhéanamh acu faoi láthair. Leagtar amach sonraí sa tábla ag Aguisín 3 thíos.

Léirítear sa tábla in Aguisín 1 go ndearna baill síntiúis ar luach iomlán €92,454 a nochtadh maidir leis an mbliain 2020. Nuair a chuirtear aisíocaíochtaí san áireamh, ba é an glaniomlán i dtaobh síntiús a fuarthas €64,875. Ba mhéadú é seo aníos ó fhiigiúr comhionann 2019, arbh ionann é agus €13,645. Is é an t-olltoghchán a cuireadh ar bun i bhFeabhra 2020 an chúis is dóchúil atá leis an méadú ar luach na síntiús a nochtadh.

Caibidil 4: Síntiúis a nocht deontóirí faoi alt 24 (1A)

Foráiltear in Alt 24 (1A) den Acht gur gá do dhuine aonair ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin má dhéanann sé/sí síntiúis a sháraíonn luach comhiomlán €1,500 i mbliain ar leith le beirt daoine nó níos mó ar bhaill iad den pháirtí polaitíochta céanna nuair a rinneadh na síntiúis, nó le páirtí polaitíochta agus le ball amháin nó níos mó dá bhaill. Caithfear sonraí faoi na síntiúis agus na daoine lena ndearnadh iad a thabhairt sa ráiteas síntiús, agus caithfear iad a sheoladh ar aghaidh faoin 31 Eanáir an bhliain dar gcionn.

Mura mbeartaíonn deontóir an ceanglas seo a chomhlíonadh agus más eol do bhall nó do pháirtí é seo, cuirtear cosc ar an mball/ar an bpáirtí glacadh le síntiús ón duine aonair sin.

Fuarthas deich ráiteas síntiús ó dheontóirí aonair maidir le 2020. Leagtar amach sa tábla in Aguisín 2 sonraí faoi na síntiúis a nochtadh. Rinne an deichniúr deontóirí síntiúis ar luach iomlán **€39,189** a nochtadh maidir leis an mbliain 2020. Ba é an figiúr comhionann don bhliain 2019 €44,685.

Caibidil 5: Foilsiú ráitis síntiús

Chuir an Coimisiún na ráitis síntiús a dtagraítear dóibh sa tuarascáil seo faoi bhráid gach Tí an Oireachtais, de bhun alt 24 (7) (a) den Acht, agus tá na cáipéisí ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie

Tá na ráitis síntiús a fuarthas ar fáil anois ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus den phreaseisiúint a ghabhann léi ar fáil freisin ar an láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.sipo.ie.

Ceanglaítear in Alt 73 den Acht ar an gCoimisiún na cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag a oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag an tráth seo. Nuair a athosclaíodh na hoifigí, cuirfear na cáipéisí ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch ar (01) 639-5666.

Aguisín 1 - Síntiúis a nocht bail

Ball	Páirtí	An líon síntiús	Luach na síntiús €	Síntiúis a tugadh ar ais do dheontóirí €
James Browne, TD	Fianna Fáil	2	1,900	1,850
Dara Calleary, TD	Fianna Fáil	1	2,000	1,800
An Seanadóir Shane Cassells*	Fianna Fáil	1	1,000	—
An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee	Fianna Fáil	1	1,000	800
Niall Collins, TD	Fianna Fáil	1	1,000	—
Patrick Costello, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Cathal Crowe, TD	Fianna Fáil	1	1,000	—
An Seanadóir Ollie Crowe	Fianna Fáil	1	1,000	800
Pa Daly, TD	Sinn Féin	2	1,652	652
Michael D'Arcy*	Fine Gael	3	3,000	—
An Seanadóir Aisling Dolan	Fine Gael	1	4,793	4,593
Stephen Donnelly, TD	Fianna Fáil	6	6,000	—
Francis Noel Duffy, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Frank Feighan, TD	Fine Gael	1	1,000	800
Joe Flaherty, TD	Fianna Fáil	1	2,005	1,005
Gary Gannon, TD	Na Daonlathaigh Shóisialta	2	2,000	—
An Seanadóir Pippa Hackett*	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
An Seanadóir Alice Mary Higgins	Neamhpháirtí	2	1,290	—
Neasa Hourigan, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Heather Humphreys, TD	Fine Gael	1	750	—
Alan Kelly, TD	Páirtí an Lucht Oibre	2	1,990	—
John Lahart, TD	Fianna Fáil	1	1,000	800
James Lawless, TD	Fianna Fáil	3	3,000	—
Tugann Josepha Madigan, TD	Fine Gael	2	1,500	—
Catherine Martin, TD	An Comhaontas Glas	1	680	480
Mícheál Martin, TD	Fianna Fáil	1	1,000	800
Steven Matthews, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Paul McAuliffe, TD	Fianna Fáil	1	1,000	—
Helen McEntee, TD	Fine Gael	3	4,200	3,600
Michael McGrath, TD	Fianna Fáil	1	1,000	800
Senator Rebecca Moynihan*	Páirtí an Lucht Oibre	2	1,599	—

An Seanadóir Rónán Mullen	Neamhpháirtí	4	4,000	—
Catherine Murphy, TD	Na Daonlathaigh Shóisialta	1	1,000	—
Paul Murphy, TD	Dlúthpháirtíocht/Pobal seachas Brabús	2	2,000	—
Verona Murphy, TD	Neamhpháirtí	1	1,000	—
Jennifer Murnane O'Connor, TD	Fianna Fáil	1	1,000	800
Ged Nash, TD	Páirtí an Lucht Oibre	1	950	—
Malcolm Noonan, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Marc Ó Cathasaigh, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	—
Aodhán Ó Ríordáin, TD	Páirtí an Lucht Oibre	6	5,364	—
Darragh O'Brien, TD	Fianna Fáil	1	1,000	800
Joe O'Brien, TD	An Comhaontas Glas	2	2,000	800
Cian O'Callaghan, TD	Na Daonlathaigh Shóisialta	1	750	—
Fergus O'Dowd, TD	Fine Gael	2	1,882	—
Roderic O'Gorman, TD	An Comhaontas Glas	2	2,000	800
Christopher O'Sullivan, TD	Fianna Fáil	3	3,000	—
Maurice Quinlivan, TD	Sinn Féin	1	950	—
Neale Richmond, TD	Fine Gael	1	1,000	—
Éamon Ryan, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	800
Matt Shanahan, TD	Neamhpháirtí	6	5,200	—
Ossian Smyth, TD	An Comhaontas Glas	1	1,000	—
An Seanadóir Mark Wall*	Páirtí an Lucht Oibre	1	1,000	—
An Seanadóir Barry Ward*	Fine Gael	1	1,000	—
Iomlán			92,454	27,579

* Síntiúis a nochtadh roimhe seo ag Olltoghchán 2020 na Dála

Aguisín 2 - Síntiúis a nocht deontóirí faoi alt 24 (1A)

Deontóir	Faighteoir an tsíntiúis	Sonraí faoi shíntiúis €	Luach iomlán na síntiúis €
Mick Barry, TD	Ruth Coppinger	1,000	3,450
	An Comh. Sandra Fay	650	
	Dlúthpháirtíocht/Pobal seachas Brabús	1,800	
Declan Kelly	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	1,490	2,485
	Alan Kelly, TD	995	
Michael Madden	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	1,480	2,475
	Alan Kelly, TD	995	
An Comh. Kieran Mahon	An Comh. Sandra Fay	1,000	3,000
	Mary Cahillane	1,000	
	Ruth Coppinger	1,000	
Anne Mulligan	Mary T Sweeney	1,000	2,500
	Aontú	1,500	
Liam Mulligan	Mary T Sweeney	1,000	2,500
	Aontú	1,500	
Mick Murphy	Ruth Coppinger	1,000	6,629
	Mick Barry, TD	1,000	
	An Comh. Sandra Fay	1,000	
	Mary Cahillane	1,000	
	Terry Kelleher	723	
	Conor Burke	517	
	Dominic Parker	517	
	Rita Harrold	517	
	Michael O'Brien	356	
Jack O'Connor	Comhairle Dáilcheantair Chill Mhantáin	2,500	4,500
	An Comh. Paul O'Brien	1,000	
	An Seanadóir Mark Wall	1,000	
SIPTU	Aengus Ó Maoláin	950	6,650
	Emmett Smith	950	
	Ged Nash, TD	950	
	Joan Burton	950	
	Michael O'Brien	950	
	Maurice Quinlivan, TD	950	
	An Comh. Denis Hynes	950	
David Walker	Roderic O'Gorman, TD	1,000	5,000
	Aodhán Ó Ríordáin, TD	1,000	
	Kevin Humphreys	1,000	
	Ciarán Ahern	1,000	
	An Seanadóir Rebecca Moynihan	1,000	
Iomlán		39,189	39,189

Aguisín 3 - Síntiúis bhreise a thug Baill ar ais

Ball	Páirtí	Deontóir	Sonraí
James Browne, TD	Fianna Fáil	Fianna Fáil, Inis Córthaidh Seán Donn, Cumann FF	€950 faighte Barrachas €950 aisíoctha €950 faighte Barrachas €900 aisíoctha
Dara Calleary, TD	Fianna Fáil	Fianna Fáil, Béal an Átha	€2,000 faighte Barrachas €1,800 aisíoctha
An Seanadóir Lorraine Clifford- Lee	Fianna Fáil	Comhairle Dáilcheantair Fhianna Fáil, Baile Átha Cliath- Fine Gall	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
Patrick Costello, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
An Seanadóir Ollie Crowe	Fianna Fáil	Fianna Fáil	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
Pa Daly, TD	Sinn Féin	Comharthaí EF	€652 faighte €652 aisíoctha
An Seanadóir Aisling Dolan	Fine Gael	Dáilcheantar Fhine Gael Ros Comáin-na Gaillimhe	€4,793 faighte Barrachas €4,593 aisíoctha
Francis Noel Duffy, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
Frank Feighan, TD	Fine Gael	Fine Gael Cheantar Chora Droma Rúisc	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
Joe Flaherty, TD	Fianna Fáil	Declan O'Flaherty	€2,005 faighte Barrachas €1,005 aisíoctha
An Seanadóir Pippa Hackett	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha
Neasa Hourigan, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíoctha

John Lahart, TD	Fianna Fáil	Fianna Fáil, Baile Átha Cliath Thiar Theas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Catherine Martin, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas Bhaile Átha Cliath-Ráth an Dúin	€680 faighte Barrachas €480 aisíochta
Mícheál Martin, TD	Fianna Fáil	Fianna Fáil Chorcaí Theas Láir	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Steven Matthews, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Helen McEntee, TD	Fine Gael	Ionad Cuariteoirí Chill Dhéagláin Cuideachta Ola Chill Dhéagláin Irish Bison Ltd	€1,400 faighte Barrachas €1,200 aisíochta €1,400 faighte Barrachas €1,200 aisíochta €1,400 faighte Barrachas €1,200 aisíochta
Michael McGrath, TD	Fianna Fáil	Fianna Fáil Chorcaí Theas Láir	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Jennifer Murnane O'Connor, TD	Fianna Fáil	Plazamont	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Malcolm Noonan, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Darragh O'Brien, TD	Fianna Fáil	Comhairle Dáilcheantair Fhianna Fáil, Baile Átha Cliath-Fine Gall	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Joe O'Brien, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta

Roderic O’Gorman, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta
Éamon Ryan, TD	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas, Cuan Bhaile Átha Cliath Theas	€1,000 faighte Barrachas €800 aisíochta